Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2025
(OR. en)

9963/25
COR 2
PV CONS 29
TRANS 231
TELECOM 181
ENER 222
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

5 agus 6 Meitheamh 2025

San iarscríbhinn a ghabhann le 9963/25 INIT, leathanach 10, léitear an ráiteas ón bPortaingéil mar a leanas:

**Ráiteas a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 9505/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (Canis lupus)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Sa Phortaingéil, tugann na torthaí a fuarthas i suirbhé 2019-2021 le fios go bhfuil meath tagtha le 20 bliain anuas ar na limistéir a bhfuil mic tíre ina gcónaí iontu, nach bhfuil siad ach sa réigiún Trás-os-Montes agus sa réigiún ó dheas ó Abhainn Douro, sa limistéar timpeall ar ghleann na habhann sin.

Tháinig laghdú beag freisin ar líon na gconairteacha a braitheadh ar an leibhéal náisiúnta, agus bhí na treochtaí an-éagsúil sna ceithre áit ina raibh conairteacha cheana.

Ceann de na príomhthosca a chuireann caomhnú an mhic tíre i mbaol sa Phortaingéil is ea iad a bheith á marú go díreach ag daoine, agus is í an marú sin is cúis fós i mórán áiteanna le díothú an speicis agus/nó conairteacha. D'ainneoin na mbeart caomhantais leanúnach, ar nós feabhas a chur ar an sásra cúitimh le haghaidh damáiste a meastar gurb é an mac tíre is cúis leis, agus cosaint níos fearr do bheostoc a chur chun cinn, trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais d'fheirmeoirí beostoic, chun na bearta is iomchuí a chur chun feidhme do gach comhthéacs, is neamhfhabhrach i gcónaí é stádas caomhantais an speicis.

Níor chuir an Phortaingéil i gcoinne an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle le haghaidh togra a bheith á thíolacadh ag an Aontas Eorpach chun Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn a leasú, i ndlúthpháirtíocht le riachtanais shonracha na mBallstát sin ina bhfuil cúinsí atá éagsúil ar fad leis na cúinsí atá sa Phortaingéil, a mhéid a bhaineann le stádas caomhantais an mhic tíre, chun bheith in ann an stádas sin a athbhreithniú i bhfianaise a riachtanas sonrach.

Tráth a glacadh an togra le haghaidh Cinnidh (dar dháta an 24 Meán Fómhair), thíolaic an Phortaingéil Dearbhú Vótála inar soiléiríodh go gcoinneoidh sí an beartas reatha maidir le caomhnú an mhic tíre inár gcríoch, chun féachaint lena áirithiú go mbainfidh an speiceas sin stádas caomhantais fabhrach amach agus i gcomhréir leis an ngealltanas a rinneadh i ndáil leis an gcuspóir caomhaontais a leagtar síos sa Treoir maidir le Gnáthóga.

Athdhearbhaíonn an Phortaingéil téarmaí Dhearbhú an 24 Meán Fómhair 2024, agus deir sí go bhfuil rún aici, d'ainneoin na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn agus an togra sin chun Treoir 92/43/CEE a leasú, an stádas dianchosanta atá ag an mac tíre Ibéarach faoi láthair a choimeád ar bun, ar a críoch náisiúnta, tríd an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 193 CFAE, lena n-údaraítear do na Ballstáit bearta cosanta níos déine a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach atá ag luí leis na Conarthaí agus a chuirfear in iúl don Choimisiún, a chur i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, chuige sin, agus forálacha Aithris (6) den togra sin chun Treoir 92/43/CEE a leasú á gcur san áireamh freisin, tabharfaidh an Phortaingéil fógra don Choimisiún Eorpach, laistigh den sprioc-am chun an Treoir a thrasuí, faoina cinneadh stádas dianchosanta reatha an mhic tíre Ibéaraigh ar a críoch náisiúnta a choimeád ar bun faoin rogha réamhluaite.'